

# SCÉIM TEANGA

DE RÉIR ALT 15 D'ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

## DEIREADH FÓMHAIR 2014



An Roinn Airgeadais  
Department of Finance

## Caibidil 1. Réamhrá

### 1.1 Cúlra

Cuireadh tús le céad scéim teanga na Roinne Airgeadais i Mí Feabhra 2006. Tá an dara scéim seo, a mhairfidh ó 2014 go dtí 2017, ullmhaithe ag an Roinn de bhun Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus na Rialachán um Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (Alt 9), 2008. Déantar foráil le hAlt 11 den Acht do chomhlachtaí poiblí scéim teanga a ullmhú ina leagtar amach na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a dhéanfar lena chinntiú go soláthrófar trí mheán na Gaeilge aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht amhlaidh faoi láthair laistigh de thréimhse chomhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, beidh feidhm ag an scéim teanga go ceann tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndaingneoidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta scéim nua, cibé acu is déanaí.

### 1.2 Athbhreithniú ar Scéim 2006

De réir Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, éilítear ar an Roinn na cáipéisí seo a leanas a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla araon:

- Tuarascáil Bhliantúil
- Cuntas Iniúchta nó ráiteas airgeadais
- Ráiteas Straitéise
- Cáipéisí ina leagtar síos tograí beartais phoiblí
- Cáipéisí a bhfuil mórthábhacht phoiblí leo.

Foilsíonn an Roinn na cáipéisí seo a leanas i nGaeilge agus i mBéarla araon faoi láthair:

- Tuarascáil Bhliantúil
- Cuntais Leithghabhála Bhliantúla
- Cáinainéis (a choimre ar Bhearta Cáinainéise)
- Cuntais Airgeadais
- Scéim Teanga
- Straitéis Eacnamaíoch Mheántéarmach
- Ráiteas Straitéise
- Páipéar Bán ar Mheastacháin ar Fháiltais agus ar Chaiteachas.



De bhreis ar na ceanglais reachtúla, leagadh síos i Scéim 2006 an clár seo a leanas don Roinn:

Gealltanais	Toradh
20% de phreaseisiúintí a chur ar fáil as Gaeilge	✓
Líon na gcáipéisí a mhéadú ó 17 go 20 (20%) faoi dheireadh Scéim 2006.	✓
Feidhm nascleanúna a choinneáil sa dá theanga oifigiúla ar láithreáin ghréasáin	✓
Beannú do dhaoine sa dá theanga oifigiúla ar an lasc-chlár	✓
Sainaitheint a dhéanamh ar bhaill foirne atá sásta plé a dhéanamh le ceisteanna as Gaeilge ar an teileafón, agus na daoine sin a lua in eolaí teileafóin inmheánach	✓
Baill foirne teachtaireachtaí a fhágáil ina rogha teanga	✓
Éascú do bhaill foirne freastal ar ranganna Gaeilge le linn agus tar éis uaireanta oifige	✓
Cúrsaí feasachta teanga a chur ar fáil trí chúrsaí oiliúna ionduchtúcháin agus trí chúrsaí oiliúna sa tseirbhís do chustaiméirí	✓
Comhairle agus tacaíocht maidir le ranganna Gaeilge a chur ar fáil trí aisíoc iariontrála oideachais na scéime	✓
Foirmeacha de chuid Oifig an Phámháistir Ghinearálta a chur ar fáil sa dá theanga oifigiúla	✓

Tugadh le tuiscint de dhroim suirbhé a rinneadh sa Roinn in 2013 go raibh 15 ball foirne ag déanamh plé le comhfhreagras i scríbhinn as Gaeilge agus go raibh 2 ag déanamh plé le glaonna teileafóin as Gaeilge. Cé nach ndearna formhór na mball foirne seo plé ach le cúpla rud (rinne 11 ball foirne plé le 3 rud nó níos lú), rinne ball foirne amháin plé le breis is 9 bpíosa comhfhreagrais i scríbhinn. De bhreis ar an méid sin, fuarthas 3 píosa comhfhreagrais don Aire as Gaeilge le linn 2013 agus tugadh freagra orthu.

### 1.3 Ullmhú Scéim 2014

Ullmhaíodh Scéim 2014 de réir na Rialachán faoi Alt 12 den Acht, a d'éisigh ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Tá sé mar aidhm aici prionsabail Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí a chomhlíonadh. Ceapadh í chun a chinntiú a chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán na ceanglais bhainteacha uile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ar bhonn incriminteach, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna eile amach anseo.

Tá an Scéim seo bunaithe ar gach gealltanais in aon scéim roimhe a chomhlíonadh.

Sa bhliain 2013, agus dá éis sin sa bhliain 2014, d'fhoilsigh an Roinn fógra ar a láithreán gréasáin lena cuireadh fáilte roimh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara i ndáil leis an dréachtscéim.

Fuarthas 6 aighneacht, 3 ó Dhaoine aonair agus 3 ó eagraíochtaí Gaeilge, lena n-áirítear ceann amháin a seoladh go díreach chuig an Ard-Rúnaí sa bhliain 2013. Tá na haighneachtaí seo le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne [www.finance.gov.ie](http://www.finance.gov.ie) agus cuireadh san áireamh iad agus Scéim 2014 á cur le chéile.

Chuathas i ndáil chomhairle leis an bhfoireann freisin agus Scéim 2014 á forbairt agus úsáideadh a gcuid tuairimí agus moltaí le bonn eolais a chur faoina hullmhú. Níos tábhachtaí fós, is i gcomhthéacs atá bunaithe ar a bhfuil praiticiúil agus indéanta a thugtar na gealltanais i Scéim 2014, agus cuirfear ar fáil oiread seirbhísí agus is féidir do chustaiméirí na Roinne sna 3 bliana amach romhainn.

#### 1.4 Comhthéacs na scéime teanga

Ní hionann Scéim 2014 agus Scéim 2006 mar thoradh ar chur ar bun na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Iúil 2011 agus ar na feidhmeanna éagsúla a aistríodh ón Aire Airgeadais chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá ag an Roinn Airgeadais, mar atá faoi láthair, raon feidhmeanna i bhfad níos spriocdhírthe, níos teicniúla, nach bhfuil chomh dírithe sin ar an bpobal a thuilleadh, rud a cuireadh san áireamh agus Scéim 2014 á forbairt.

Is í aidhm Scéim 2014 freastal ar na custaiméirí siúd ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Tá ann sa scéim nua gealltanais chun an méid éilimh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge a mheas ar bhonn leanúnach trí shuirbhéanna custaiméirí, idir inmheánach agus sheachtrach, a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go bhfreastalóidh an Roinn ar an éileamh seo ar bhealach pleanáilte, chomhleanúnach, inrochtana.

#### 1.5 Dáta tosaithe na scéime

Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus cuirtear tús léi le héifeacht ón **27 Deireadh Fómhair 2014**. Beidh feidhm aici go ceann tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndaingneoidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta scéim nua de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cibé acu is déanaí.

## Caibidil 2. Achoimre ar an Roinn Airgeadais

### 2.1 Bunchuspóir

Is é bunchuspóir na Roinne bainistíocht a dhéanamh ar airgead an Rialtais agus ról lárnach a ghlacadh i mbaint amach spriocanna geilleagracha agus sóisialta an Rialtais, ag féachaint do Chlár an Rialtais.

Ar an mbealach seo, tá ról ceannaireachta againn ó thaobh caighdeáin mhaireachtála ár saoránach a fheabhsú.

### 2.2 Custaiméirí na Roinne

Cuireann an Roinn seirbhísí ar fáil do:

- An tAire Airgeadais
- An Rialtas
- Dáil Éireann
- Ranna eile de chuid an Rialtais
- An tseirbhís phoiblí ar an iomlán
- Institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh
- Comhlachtaí idirnáisiúnta
- Baill den phobal
- Eagraíochtaí agus institiúidí seachtracha.

### 2.3 Achoimre ar na Seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn

Tugtar anseo achoimre ar eagar agus ar obair na Roinne:

**2.3.1** Is iomaí freagracht atá ar **an Rannóg Baincéireachta agus Seirbhísí Airgeadais**, lena n-áirítear creatbheartas náisiúnta um chreidmheas agus iasachtú a chur i ngníomh, dul i ngleic le deacrachtaí airgeadais a d'éascair as an ngéarchéim réadmhaoine, agus ionadaíocht a dhéanamh do leas na hÉireann san Aontas Eorpach i ndáil le ceisteanna a bhaineann le seirbhísí airgeadais, ach aird mar is cuí a thabhairt ar chuspóir na maoirseachta éifeachtaí ag an am céanna. Déanann an Rannóg bainistíocht ar leas an Stáit in earnáil na baincéireachta agus oibríonn sí as láimh a chéile leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) lena chinntiú go bhfeidhmíonn sí de réir an chreata reachtúil atá aici, ach go gcomhlíonann sí na cuspóirí beartais atá aici chomh maith. Oibríonn sí i gcomhar le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) freisin, lena n-áirítear an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF), Ré Nua agus an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFFA).

**2.3.2** Déanann **an Rannóg um Beartas Fioscach** plé leis an gcánachas agus leis an mbeartas cáinainéise ar an iomlán. I measc na bpríomhghnéithe den réimse cáinainéise tá comhordú na cáinainéise de réir sheimeastar an Aontais Eorpaigh, monatóireacht a dhéanamh ar thuairisceán an Stáitchiste, fáltais ó chánacha a thuar, agus anailís a dhéanamh ar an tionchar a imríonn roghanna beartais ar airgeadas an Rialtais. Maidir leis an gcánachas, tá an Rannóg freagrach as anailís agus comhairle bheartais, mar aon le reachtaíocht a dhréachtú agus a ullmhú, an Bille Airgeadais san áireamh. Is í an Rannóg um Beartas Fioscach atá freagrach as feidhm AD na Roinne i láthair na huaire.





- 2.3.3** Is í **an Rannóg um Beartas Eacnamaíoch** atá freagrach as anailís agus tuar eacnamaíoch, lena n-áirítear réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha, measúnú riosca eacnamaíoch, tuar boilscithe, tuar fadtéarmach, anailís eacnamaíoch a fhorbairt le bheith mar bhonn agus mar thaca ag an mbeartas fioscach agus ag an anailís eacnamaíoch earnála.
- 2.3.4** Déanann **an Rannóg um Ghnóthaí AE agus Idirnáisiúnta** plé le ceapadh beartais, le straitéis agus le comhordú i ndáil leis an Aontas Eorpach/an Euro, agus le leas na hÉireann a chur chun cinn d'fhonn beartas an Rialtais agus Ráiteas Mísin na Roinne Airgeadais a chomhlíonadh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tacaíonn an Rannóg leis an Aire Airgeadais ag Ecofin agus ag an nGrúpa Euro, agus déanann sí fónamh ar an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus ar an gCoiste um Polasaí Eacnamaíoch. Tá baint aici le Rialachas an Aontais Eorpaigh, le Seimeastar an Aontais Eorpaigh, agus le cúrsaí buiséid an Aontais Eorpaigh. Tá an Rannóg freagrach freisin as an gcaidreamh atá ag Éirinn le hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus as scairsheilbh na hÉireann ina leithéid d'institiúidí a bhainistiú, an Banc Eorpach Infheistíochta, an Banc Domhanda agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ina measc.
- 2.3.5** Is í **an Rannóg Riosca, Cumarsáide, Dlí agus Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta** atá freagrach as comhairle a chur ar fáil maidir le ceisteanna cobhsaíocht airgeadais agus as an gcreat bainistíochta riosca a fhorbairt sa Roinn. Tá an Rannóg freagrach as feidhm cumarsáide corparáidí na Roinne, lena n-áirítear feidhmiú na preasoifige agus bainistiú na bpróiseas Ceisteanna Parlaiminteacha agus Saorála Faisnéise. Tá comhairleoir dlí agus oifigeach comhlíontacháin na Roinne ina gcuid den Rannóg seo. Tá an Rannóg freagrach as straitéis a fhorbairt i ndáil le Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta chomh maith.
- 2.3.6** Tá **an Oifig Airgeadais agus Oibríochtaí** freagrach as Brainse na gCuntasóirí/Oifig an Phámháistir Ghinearálta, lena n-áirítear cuntas an Stáitchiste; cuntais chiste na Roinne; seirbhísí baincéireachta do Ranna/Oifigí, don státseirbhís/tseirbhís phoiblí, do phárolla pinsin sealbhóirí oifige; cuntais vótaíochta (an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus comhlachtaí áirithe bainteacha eile); agus párolla. Tá sí freagrach freisin as tionscadail inmheánacha a chomhordú agus as monatóireacht a dhéanamh orthu. Cuireann an Oifig Chorparáideach tuairiscí chun dáta ar fáil don Roinn ar bhonn rialta agus is í an oifig atá i gceannas ar straitéis bainistíochta athruithe na Roinne. Thar aon ní eile, tá an Oifig Chorparáideach freagrach as an méid faisnéise bainistíochta agus comhroinnte faisnéise a fheabhsú go himheánach agus go seachtrach araon, rud a bheidh ina chuid thábhachtach de bhaint amach cláir bhunathraithe chun feabhais na Roinne. Ar cheann de na freagrachtaí eile atá ar an CFOO tá bainistíocht na cóiríochta agus na saoráidí laistigh den Roinn.
- 2.3.7** Soláthraíonn **an Rannóg Acmhainní Daonna** seirbhísí acmhainní daonna (AD) don Roinn de réir plan beart tosaíochta do na blianta 2013 – 2014.



## Caibidil 3. Achoimre ar sheirbhísí Gaeilge agus ar na feabhsuithe atá beartaithe don tréimhse 2014 - 2017

### 3.1 Gealltanais

Tá an Roinn Airgeadais tiomanta do sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Leagtar amach sa chaibidil seo na bearta a dhéanfaidh an Roinn as seo go ceann trí bliana le leibhéal na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge a fheabhsú. Beidh sé mar aidhm ag na feabhsuithe faoin scéim ábhair a chur ar fáil as Gaeilge a mbeidh suim ag pobal na Gaeilge iontu agus suim sa Ghaeilge a mhéadú laistigh den Roinn. Ina ainneoin sin, ní mór dúinn staid na seirbhíse poiblí i láthair na huaire a choinneáil i gcuimhne agus, mar sin, d'fhéadfadh sé go n-imreodh na srianta reatha ar acmhainní agus ar an earcaíocht san earnáil phoiblí, mar aon le staid an airgeadais phoiblí, drochthionchar ar a mbeimid in ann a bhaint amach.

Cuirtear Scéim 2006 agus Scéim 2014 i gcomparáid lena chéile sa tábla thíos:

Gealltanais	Scéim 2006	Scéim 2014
Preaseisiúintí a chur ar fáil as Gaeilge	20%	25%
Cáipéisí áirithe a bhaineann leis an gCáinainéis a chur ar fáil as Gaeilge	-	10%
Líon na gcáipéisí i nGaeilge ar an láithreán gréasáin a mhéadú (cáipéisí a bhaineann leis an gCáinainéis san áireamh)	20%	25%
Feidhm nascleanúna a choinneáil sa dá theanga oifigiúla ar láithreáin ghréasáin	✓	100%
Beannú do dhaoine sa dá theanga oifigiúla ar an lasc-chlár	✓	100%
Sainaitheint a dhéanamh ar bhaill foirne atá sásta plé a dhéanamh le ceisteanna as Gaeilge ar an teileafón, agus na daoine sin a lua in eolaí teileafóin inmheánach	✓	100%
Baill foirne teachtaireachtaí as oifig ríomhphoist agus teileafóin a fhágáil ina rogha teanga	✓	100%
Cuirí chun imeachtaí atá á n-óstáil ag an Aire/ag an Aire Stáit a chur i gcló go dátheangach	-	100%
Éascú do bhaill foirne freastal ar ranganna Gaeilge le linn agus tar éis uaireanta oifige	✓	✓
Cúrsaí feasachta teanga a chur ar fáil trí chúrsaí oiliúna ionduchtúcháin agus trí chúrsaí oiliúna sa tseirbhís do chustaiméirí	✓	✓
Comhairle maidir le seirbhís aistriúcháin Ghaeilge	-	✓
Comhairle agus tacaíocht maidir le ranganna Gaeilge a chur ar fáil trí aisíoc iariontrála oideachais na scéime	✓	N/B (Curtha i gcrích)



---

Foirmeacha de chuid Oifig an Phámháistir Ghinearálta a chur ar fáil sa dá theanga oifigiúla

---

✓

N/B (Curtha i gcrích)

---

### 3.2 Seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil go dátheangach

Ní gnách leis an Roinn seirbhísí a chur ar fáil don phobal go díreach. Mar sin, leanfar leis na socruithe lena chinntiú, nuair nach bhfuil ball foirne a bhfuil Gaeilge ar a t(h)oil aige/aici ann i Rannóg ar leith, nó nuair nach mbíonn fáil ar an duine áirithe sin, go mbeidh ball foirne ainmnithe de chuid Rannóige eile in ann seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge nuair is gá. Leanfar leis na socruithe seo ar feadh na scéime seo.

### 3.3 Cumarsáid leis na bPobal/Faisnéis a chur in iúl don Phobal

I gcomhar leis an Scéim Gaeilge nua, léirítear i gcáipéis na Roinne um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí na prionsabail seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí agus, ar an mbealach seo, déantar deimhin de gur féidir éascú dóibh siúd ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge oiread agus is féidir.

#### 3.3.1 Comhfhreagras

Leanfar le gach comhfhreagras (litreacha, teachtaireachtaí ríomhphoist, glaonna teileafóin) a fhaightear as Gaeilge a bhreacadh síos le cur ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar an éileamh, agus déanfar iad a fhreagairt as Gaeilge.

#### 3.3.2 Láithreán gréasáin agus ríomhchórais na Roinne

- (i) San am atá thart d'fheidhmigh an Roinn roinnt láithreán gréasáin mar gheall ar an ról ní ba leithne a bhí aici, ach ní fheidhmíonn sí ach aon láithreán gréasáin amháin anois. Déanfar an láithreán seo a fheabhsú agus a fhorbairt chun go mbeidh 25% de na cáipéisí ar a laghad ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi dheireadh na scéime reatha.
- (ii) De bhreis ar inneachar statach a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, leanfaidh an Roinn ag aghaidh ag cur le hinneachar Gaeilge an láithreáin ghréasáin. Déanfaidh an Roinn deimhin de go gcuirfear gach foilseachán a tháirgtear as Gaeilge nó go dátheangach ar fáil ar leagan Gaeilge an láithreáin.
- (iii) Déanfaidh an Roinn a dícheall inneachar statach a chur ar fáil as Gaeilge ar aon láithreán gréasáin eile a d'fhéadfadh sí a fhorbairt amach anseo.
- (iv) Déanfaidh an Roinn a dícheall deimhin a dhéanamh de go gcloífadh gach forbairt TFC le ceanglais reachtúla ó thaobh na Gaeilge de.

#### 3.3.3 Óráidí

Leanfar le hóráidí nó le ráitis, arna dtabhairt ag an Aire san Oireachtas nó in áiteanna eile, óráidí nó ráitis arna dtabhairt ag oifigigh shinsearacha san áireamh, a chur ar fáil sa teanga ina dtugtar iad.





### 3.3.4 Comhfhreagras

Chomh maith leis an oibleagáid dhlíthiúil lena n-éilítear gach comhfhreagras a fhaightear as Gaeilge a fhreagairt as Gaeilge, déanfaidh an Roinn comhfhreagras as Gaeilge a éascú leo siúd is eol ar fearr leo comhfhreagras as Gaeilge. Beidh teachtaireachtaí caighdeánacha ar chóras ríomhphoist na Roinne, amhail an séanadh freagrachta, i nGaeilge agus i mBéarla araon. Spreagfar baill foirne chun teachtaireachtaí uathoibríocha as oifig a shocrú i nGaeilge agus i mBéarla araon.

### 3.3.5 Cuirí oifigiúla

Déanfaidh an Roinn deimhin de go gcuirfear cuirí chun ócáidí oifigiúla atá á n-óstáil ag an Aire nó ag an Aire Stáit i gcló go dátheangach.

### 3.3.6 Foilseacháin

Táirgeann an Roinn réimse foilseacháin i ndáil le réimsí éagsúla beartais. Tugann an Roinn gealltanas croífhoilseacháin (ráitis beartais, straitéisí, srl. a bhfuil mórthábhacht ag baint leo) a chur ar fáil go dátheangach, in aon leabhar amháin más féidir (bídís ina gcruachóipeanna nó ina bhfoilseacháin leictreonacha). I gcásanna ina laghdódh fad an fhoilseacháin dhátheangaigh a éifeachtacht nó ina mbeadh an iomarca costais bhreise i gceist le foilseachán dátheangach dá leithéid, áfach, d'fhéadfaí leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leith a chur ar fáil. Sa chás seo, sonrófar sa dá leagan go bhfuil leagan eile ar fáil sa teanga eile. Níl sé beartaithe gach cáipéis theicniúil a fhoilsiú ná cáipéisí nach bhfuil ach éileamh beag orthu.

### 3.3.7 Fógraí ó bhéal/cumarsáid teileafóin leis an bpobal

De réir na bprionsabal seirbhíse ardchaighdeán do chustaiméirí, leanfaidh an Roinn le deimhin a dhéanamh de go ndéanfaidh oibrítheoirí an lasc-chláir agus fáilteoirí, arb iad an chéad phointe teagmhála leis an bpobal iad, mar seo a leanas:

- Ainm na Roinne a lua i nGaeilge agus i mBéarla
- Bheith eolach ar bheannachtaí bunúsacha as Gaeilge
- Baill den phobal a chur i dteagmháil le cibé oifig nó le cibé oifigeach atá freagrach as na seirbhísí atá ag teastáil a chur ar fáil as Gaeilge gan mhoill.

### 3.3.8 Preaseisiúintí

Méadóidh an Roinn líon na bpreaseisiúintí a eisítear as Gaeilge go dtí 25% de líon iomlán na bpreaseisiúintí thar thréimhse na scéime seo. Nuair is féidir, eiseofar preaseisiúint as Gaeilge ag an am céanna leis an leagan i mBéarla, ach nuair nach féidir é seo a dhéanamh (m.sh. i gcás preaseisiúint theicniúil), cuirfear an leagan Gaeilge ar fáil ar an láithreán gréasáin laistigh de 24 uair an chloig. Eiseofar a leithéid de phreaseisiúintí do na meáin Ghaeilge go háirithe. Nuair is gá, déanfar é seo trí aistrítheoirí cáilithe seachtracha a úsáid.

De bhreis ar an méid thuas, déanfaidh an Phreasoifig tvuíteáil as Gaeilge ach teideal na preaseisiúna a chur isteach san fhotha Twitter tráth a gcuirtear preaseisiúint ar fáil as Gaeilge.

### 3.3.9 Cruinnithe

Déantar an chuid is mó de na cruinnithe sa Roinn trí mheán an Bhéarla (líon íseal cruinnithe poiblí san áireamh). Is é beartas na Roinne, nuair a éilítear é, go leanfar le baill foirne a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu a chur ar fáil le bualadh le heagraíochtaí Gaeilge, ar chuntar go dtabharfar a dhóthain fógra.

### 3.3.10 Oifig an Phámháistir Ghinearálta

Cuireann an Pámháistir Ginearálta seirbhís íoctha pinsean ar fáil do thart ar 31,000 pinsinéir, lena gcuimsítear iar-státseirbhísigh, iarfhostaithe de chuid na seirbhíse poiblí (iarfhostaithe de chuid Coistí Gairmoideachais agus Institiúidí Teicneolaíochta i bhformhór na gcásanna), iarshealbhóirí oifigí Bunreachtúla, iarairí agus iarbhreithiúna, mar aon lena gcéilí agus lena leanaí marthanacha.

Eisítear na litreacha agus na fógraí ginearálta ar fad go dátheangach in aon chlúdach amháin. Nuair nach féidir an dá leagan a eisiúint in aon chlúdach amháin, cuirtear cáipéisí ar leith ar fáil. I gcás na cáipéisíochta ar fad eile a eisítear, téann an Pámháistir Ginearálta i ndáil chomhairle leis na pinsinéirí le fáil amach cén leagan den cháipéisíocht is mian leo a fháil.

Mar chuid d'fhorbairt thairseach ar líne duillíní pá an Phámháistir Ghinearálta, tá sé beartaithe fógraí faisnéise ginearálta d'íocaithe a chur san áireamh (tríd an tairseach). Cuirfear gach fógra den sórt seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Níl sé inmharthana ná praiticiúil gach uile cháipéis a eisítear ón oifig sin a chur ar fáil sa dá theanga.

### 3.3.11 Cáipéisíocht Cháinainnéise

Le linn na scéime seo, déanfaidh an Roinn cíoradh ar cé chomh indéanta is a bheadh sé tuilleadh cáipéisíochta Cáinainnéise a chur ar fáil i nGaeilge – cáipéisí a bhfuil mórtábhacht phoiblí ag baint leo go háirithe.

## 3.4. Cumas na Roinne ó thaobh teanga de a fheabhsú

### 3.4.1 Socrúchán

Faoi réir na gcoinníollacha lena rialaítear socrúcháin foirne, cuirfear na bearta seo a leanas i bhfeidhm le linn na scéime seo d'fhonn a chinntiú go ndéanfar líon imleor ball foirne a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu a earcú agus a choinneáil laistigh den Roinn le forálacha an Achta a chomhlíonadh:

- Leanfar leis an socrú iomchuí ball foirne a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu a chur i bhfeidhm ar fud na Roinne agus, socrófar baill foirne a bhfuil eolas oibre acu ar an nGaeilge go hiomchuí i Rannóga éagsúla chun tacú leis na gealltanais a thugtar sa Scéim seo.
- Beidh agallaimh rannacha ar fáil do bhaill foirne trí mheán na Gaeilge nó an Bhéarla fós, ar chuntar go gcuirfidh na hagallaithe a rogha teanga in iúl roimh ré.
- Tabharfar aird ar inniúlacht sa Ghaeilge nuair a bheidh daoine á n-earcú don Phreasoifig amach anseo.



### 3.4.2 Oiliúint agus Forbairt

De réir an ghealltanais atá tugtha ag an Roinn le deiseanna iomchuí oiliúna agus forbartha a chur ar fáil don fhoireann ar fad, leanfaidh an Roinn le scileanna Gaeilge earcach nua a mheas sula dtosóidh siad agus, nuair is féidir, cuirfear i rannóga iad inar féidir leas a bhaint as a gcuid scileanna Gaeilge ar an mbealach is fearr. Ina theannta sin, leanfaidh an Roinn le:

- Daoine deonacha a lorg le seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil ar fud na Roinne in áiteanna a d'fhéadfadh go mbeadh gá le seirbhísí trí mheán na Gaeilge. Léireofar a leithéid de bhaill foirne le réiltín ar liostaí inmheánacha teileafóin agus ar an gcairt eagrúcháin.
- Measúnú a dhéanamh ar na cúrsaí uile ar bhonn leanúnach, cúrsaí Gaeilge san áireamh, d'fhonn a mheas cé chomh héifeachtach is atá siad i dtaobh riachtanais na Roinne a chomhlíonadh.
- Feasacht teanga a chur san áireamh i gcúrsaí oiliúint ionductúcháin le deimhin a dhéanamh de go dtuigeann na baill foirne uile na dualgais atá orthu ó thaobh an dátheangachais de de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.
- hÉascú do bhaill foirne freastal ar ranganna Gaeilge ar riachtanais seirbhíse do chustaiméirí, go háirithe na baill foirne is minic a bhíonn ag plé le custaiméirí seachtracha.
- Comhairle, agus cúnamh airgeadais i gcásanna áirithe, a chur ar fáil do bhaill foirne i ndáil leis an réimse leathan ranganna Gaeilge atá ar fáil.
- Faoi réir an éilimh agus riachtanais ghnó na Roinne, oiliúint a chur ar fáil ar bhonn leanúnach do gach fáilteoir/teileafónaí, agus Oifigeach Seirbhíse le cur lena gcuid eolais ar an nGaeilge.

### 3.4.3 Acmhainní Teanga

Leanfaidh an Roinn le rochtain a sholáthar don fhoireann ar fad ar fhaisnéis agus ar acmhainní teanga, m.sh. foclóirí, i bhformáid chrua nuair a iarrtar é, agus i bhformáid leictreonach, comhairle ar Ghaeilge scríofa, agus liostaí de fhrásaí coitianta, srl. Cuirfidh an Roinn in iúl do na baill foirne ar fad cén áit ar féidir leo aistriúcháin ghairide a fháil. Cuirfear baill foirne ar an eolas faoi acmhainní ar líne amhail seiceálaithe litrithe, [www.focal.ie](http://www.focal.ie), [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) agus naisc ábhartha eile ([www.loganim.ie](http://www.loganim.ie), [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie), [www.freagra.net](http://www.freagra.net)), agus spreagfar iad chun leas a bhaint astu freisin.

### 3.4.4 Seirbhísí Aistriúcháin

Ceapfaidh an Roinn soláthraí seirbhíse le cáipéisí oifigiúla a aistriú agus déanfaidh sé deimhin de go bhfuil an fhoireann ar fad ar an eolas faoi shonraí an tsocraithe seo.

### 3.4.5 Poist ar Leith

Agus aird á tabhairt ar pholasaí an Rialtais i dtaca le feabhas a chur ar sheirbhísí i nGaeilge, déanfaidh an Roinn, roimh dheireadh na chéad bhliana, na poist sin a aithint ina bhfuil gá le hinniúlacht Ghaeilge. Déanfar gach iarracht na poist sin a líonadh roimh dheireadh na scéime i gcomhréir le polasaithe earcaíochta, ardaithe céime agus oiliúna mar is cuí. Cuirfidh sé seo

ar chumas na Roinne pleanáil a dhéanamh agus tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí Gaeilge a fheabhsú go breisíoch ar bhealach níos straitéisí.

#### **3.4.6 Seachtain na Gaeilge**

Tá an Roinn tiomanta do thionscnaimh chultúrtha, a thacaíonn leis an nGaeilge agus a spreagann a húsáid, a chur chun cinn. Tabharfaidh an Roinn tacaíocht do ghníomhaíochtaí a eagraítear le linn Sheachtain na Gaeilge go háirithe le linn na Scéime seo. Lorgóidh sí comhairle ó eagraíochtaí Gaeilge ina leith seo.

#### **3.4.7 Cumarsáid Inmheánach**

Leanfaidh an Roinn leis an Inlíon inmheánach a úsáid le faisnéis a bhaineann leis an nGaeilge a sholáthar.

#### **3.4.8 Cumarsáid le húsáideoirí seachtracha**

Rachaidh an Roinn i ndáil chomhairle le custaiméirí seachtracha na Roinne ar bhonn bliantúil le tuairimí na gcustaiméirí a thomhas i ndáil leis na seirbhísí teanga a sholáthraítear.

## Caibidil 4. Monatóireacht agus athbhreithniú

### 4.1 Monatóireacht

Coinneoidh Lucht Ardbhainistíochta na Roinne feidhmiú éifeachtach na Scéime seo faoi athbhreithniú. Éileofar ar gach rannóg de chuid na Roinne gealltanais na Scéim Gaeilge a chur san áireamh ina bpleananna gnó. Is iad na bainisteoirí líne i ngach ceann de na rannóga a bheidh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Scéime ó lá go lá ina rannóga féin. Tá cúram ar leith leagtha ar rannóga ar leith i ndáil le feidhmiú na scéime comhaontaithe - an Rannóg Acmhainní Daonna (mar an t-aonad oiliúna i dtaca le gnéithe den scéim), an Rannóg Cumarsáide (freagrach as an láithreán gréasáin agus as foilseacháin), an Phreasoifig (freagrach as preaseisiúintí) agus an Rannóg TFC (freagrach as obair TFC).

Ó thús na Scéime seo, éileofar ar gach Rannóg sonraí maidir le comhlíonadh a thuairisciú don Choiste Comhairleach Bainistíochta tríd an bPacáiste Bainistíochta, mar a leagtar amach san Aguisín.

Foilseofar sonraí maidir le dul chun cinn ar bhonn bliantúil in Athbhreithniú Bliantúil na Roinne, mar aon le:

- beartais nó tionscnaimh a ndearnadh an Ghaeilge a chur chun cinn mar thoradh orthu
- ábhair a foilsíodh go hiomlán nó go páirteach i nGaeilge
- líon agus nádúr na ngearán agus na moltaí a fuarthas i ndáil le soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge
- dul chun cinn i gcomparáid le gach ceann de na gealltanais a leagtar amach sa Scéim
- an leibhéal éilimh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge

### 4.2 Athbhreithniú

Leanfaidh an Roinn le measúnú a dhéanamh ar aon bheart breise a bheidh ag teastáil leis an leibhéal seirbhíse a sholáthraíonn sí a fheabhsú i bhfianaise an éilimh ar a leithéid de sheirbhísí agus na measúnachta bliantúla ar dhul chun cinn.

## Caibidil 5. An Scéim a Phoibliú

### 5.1 Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá curtha in iúl do bhaill foirne na dualgais atá orthu de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus tá treoir mhionsonraithe curtha ar fáil dóibh siúd a d'fhéadfadh a mbeadh orthu bearta Gaeilge a chur i ngníomh.

### 5.2 Scéim Teanga

Leanfar leis na baill foirne a chur ar an eolas faoi na freagrachtaí atá orthu de réir na Scéime ar roinnt bealaí éagsúla:

- Fógraí Oifige
- Faisnéis ar inlíon na Roinne
- Faisnéis maidir le gealltanais na Roinne ó thaobh na Gaeilge de a chur le hoiliúint ionduchtúcháin na Roinne.

Cuirfear inneachar na Scéime seo, chomh maith leis na gealltanais agus na forálacha a leagtar síos inti, ar fáil don phobal i gcoitinne trí:

- Preaseisiúint lena seoltar an scéim
- Áit fheiceálach ar láithreán gréasáin na Roinne
- Bileog eolais ghairid ina leagtar amach na seirbhísí a bhfuil fáil orthu trí mheán na Gaeilge le cur ar fáil ag deasca fáiltithe agus ar láithreán gréasáin na Roinne.

De bhreis ar na bearta thuas, leanfaidh an Roinn le gach deis a thapú ina cuid idirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí chun na seirbhísí a sholáthraíonn sí trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, trí:

- Custaiméirí a chur ar an eolas go díreach faoin rogha atá acu plé a dhéanamh leis an Roinn trí mheán na Gaeilge trí fhógraí a chur suas i láithreacha fáiltithe agus trí é seo a liostáil ar láithreán gréasáin na Roinne,
- Nótaí a chur le foilseacháin agus le fógraí a chuireann in iúl go gcuireann an Roinn seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge agus go gcuireann sí fáilte roimh chustaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, de réir ghealltanais na scéime.

Tá cóip den Scéim curtha ar aghaidh chuig *Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla* agus chuig na daoine uile a chuir aighneachtaí faoi bhráid na Roinne i ndáil le forbairt na Scéime.

Is é an leagan Béarla den scéim seo an leagan oifigiúil.



## Aguisín – Monatóireacht

Déanfaidh an Roinn monatóireacht ar na gealltanais atá tugtha aici faoin Scéim seo agus tabharfaidh sí tuairiscí don Choiste Comhairleach Bainistíochta.

### Cárta Tuairisce ar an nGaeilge

Gealltanais	Méadrach	Freagrach as	Cé chomh minic
Preaseisiúintí a chur ar fáil as Gaeilge agus an costas	25%	Preasoifig	Ar bhonn ráithiúil
Cáipéisí áirithe a bhaineann leis an gCáinainéis a chur ar fáil as Gaeilge agus an costas	10%	Preasoifig	Ar bhonn bliantúil
Líon na gcáipéisí i nGaeilge ar an láithreán gréasáin a mhéadú (cáipéisí a bhaineann leis an gCáinainéis san áireamh) agus an costas	25%	Cumarsáid	Ar bhonn bliantúil
Feidhm nascleanúna le coinneáil sa dá theanga oifigiúla ar láithreáin ghréasáin agus an costas	100%	Cumarsáid	Ar bhonn bliantúil
Beannú do dhaoine sa dá theanga oifigiúla ar an lasc-chlár	100%	Bainistíocht Saoráidí	Ar bhonn ráithiúil
Sainaitint a dhéanamh ar bhaill foirne atá sásta plé a dhéanamh le ceisteanna as Gaeilge ar an teileafón, agus na daoine sin a lua in eolaí teileafóin inmheánach	100%	Acmhainní Daonna	Ar bhonn bliantúil
Baill foirne teachtaireachtaí as oifig ríomhphoist a fhágáil ina rogha teanga	100%	Acmhainní Daonna	Ar bhonn bliantúil
Cuirí chun imeachtaí atá á n-óstáil ag an Aire/ag an Aire Stáit a chur i gcló go dátheangach agus an costas	100%	Oifigí na nAirí	Ar bhonn bliantúil
Éascú do bhaill foirne freastal ar ranganna Gaeilge le linn agus tar éis uaireanta oifige agus an costas	De réir mar is gá	Acmhainní Daonna	Ar bhonn bliantúil
Cúrsaí feasachta teanga a chur ar fáil trí chúrsaí oiliúna ionducthúcháin agus trí chúrsaí oiliúna sa tseirbhís do chustaiméirí	De réir mar is gá	Acmhainní Daonna	Ar bhonn bliantúil
Líon na gcáipéisí beartais a cuireadh ar fáil as Gaeilge agus an costas	Mar a thuairiscítear	Gach Rannóg	Ar bhonn ráithiúil



---

Líon na míreanna comhfhreagrais a fuarthas as Gaeilge agus an costas	Mar a fhaightear	Gach Rannóg	Ar bhonn ráithiúil
Comhairle maidir le seirbhís aistriúcháin Ghaeilge	✓	Comhlíonadh	Ar bhonn bliantúil

---